Scileanna Réamhriachtanacha in ÚSÁID NA MATAMAITICE trasna an Churaclaim

Léirítear dul chun cinn fosta nuair a thagann laghdú ar an méid tacaíochta ó dhaoine fásta: le treoir, le laghdú ar an treoir, gan treoir.

Riachtanais le hAghaidh Úsáid na Matamaitice

Trasna an churaclaim, ag leibhéal atá fóirsteanach dá n-ábaltacht, ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

S1 Taithí (dul i dtaithí ar/i dteagmháil le)	S2 Freagairt (tabhairt faoi deara, freagairt, idirghníomhú anois is arís)
I ngníomhaíochtaí céadfacha agus i bhfoghlaim ghníomhaíochtbhunaithe/shúgradhbhunaithe, is é a dhéanfaidh na daltaí:	I ngníomhaíochtaí céadfacha agus i bhfoghlaim ghníomhaíochtbhunaithe/súgradhbhunaithe, is é a dhéanfaidh daltaí:
• na hábhair chuí, an trealamh cuí agus an mhatamaitic chuí a roghnú le húsáid i gcás ar leith;	• teagmháil a dhéanamh le héagsúlacht ábhar agus threalamh na matamaitice;	• idirghníomhú le hábhair agus trealamh;
• eolas agus coincheapa na matamaitice a úsáid go beacht; • obair go córasach agus a gcuid oibre a sheiceáil;	• taithí a fháil ar ghníomhaíochtaí matamaitice; • taithí a fháil ar ghnáthaimh laethúla;	• freagairt do ghníomhaíochtaí matamaitice; • gnáthaimh laethúla a thabhairt faoi deara;
• matamaitic a úsáid le fadhbanna a réiteacht agus le cinntí a dhéanamh; • modhanna agus straitéisí a fhorbairt, ar a n-áirítear an mheabhairmhatamaitic;	• taithí a fháil ar fhadhb; • teagmháil a dhéanamh le straitéisí simplí loighciúla;	• a thabhairt faoi deara go bhfuil fadhb ann; • freagairt agus idirghníomhú le straitéisí simplí loighciúla;
• smaointe a fhiosrú, tuartha a dhéanamh agus a thástáil agus smaoineamh go cruthaitheach;	• taithí a fháil ar phatrúin éagsúla shimplí;	• patrúin shimplí éagsúla a thabhairt faoi deara agus freagairt dóibh;
• faisnéis a aimsiú agus a bhailiú; • faisnéis a léamh, a léirmhíniú, a eagrú agus a chur i láthair i bhformáidí matamaitice;	• teagmháil a dhéanamh le bailiúcháin réad; • teagmháil a dhéanamh le réada/pictiúir/siombailí éagsúla;	• idirghníomhú le réimse réad; • idirghníomhú le meaitseáil agus bailiú réad/pictiúr/siombailí;
• tuiscint agus teanga na matamaitice a úsáid le ceisteanna a chur agus a fhreagairt, le labhairt ar smaointe agus iad a phlé, agus modhanna oibre a mhíniú;	• taithí a fháil ar réimse de theanga na matamaitice;	• freagairt do chuid de bhunteanga na matamaitice;
• ábaltacht airgeadais a fhorbairt;		
• TFC a úsáid le fadhbanna a réiteach agus/nó a gcuid oibre a chur i láthair;		

Ag baint úsáid as Eolas agus Tuiscint s'acu ar:

	Mar shampla:	Mar shampla:
Uimhreas	• gheobhaidh siad taithí ar réimse d'ábhar; • gheobhaidh siad taithí ar réimse de rímeanna agus amhráin a bhaineann le huimhreas; • gheobhaidh siad taithí ar chluichí ina mbíonn réada i bhfolach nó athchóirithe; • déanfaidh siad teagmháil le patrúin shimplí dhá fhachtóir;	• freagróidh siad do réimse ábhar agus beagán spéise acu iontu; • freagróidh siad do rímeanna agus amhráin a bhaineann le huimhreas; • freagróidh siad do réada nach bhfuil le feiceáil/ cuardóidh siad iad; • tabharfaidh siad faoi deara réimse de phatrúin shimplí dhá fhachtóir;
Airgead	• gheobhaidh siad taithí ar bhoinn idir fhíorchinn agus chinn bhréige agus ar eispéiris/gníomhaíochtaí siopadóireachta idir fhíorchinn agus chinn bhréige;	• freagróidh siad anois agus arís do ghníomhaíochtaí ina bhfuil boinn idir fhíorchinn agus chinn bhréige agus cásanna siopadóireachta, fíorchinn agus cinn bhréige, ina dtarlaíonn tabhairt agus glacadh.

Scileanna Réamhriachtanacha in ÚSÁID NA MATAMAITICE trasna an Churaclaim

Léirítear dul chun cinn fosta nuair a thagann laghdú ar an méid tacaíochta ó dhaoine fásta: le treoir, le laghdú ar an treoir, gan treoir.

Riachtanais le hAghaidh Úsáid na Matamaitice

Trasna an churaclaim, ag leibhéal atá fóirsteanach dá n-ábaltacht, ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

- na hábhair chuí, an trealamh cuí agus an mhatamaitic chuí a roghnú le húsáid i gcás ar leith;
- eolas agus coincheapa na matamaitice a úsáid go beacht;
- obair go córasach agus a gcuid oibre a sheiceáil;
- matamaitic a úsáid le fadhbanna a réiteacht agus le cinntí a dhéanamh;
- modhanna agus straitéisí a fhorbairt, ar a n-áirítear an mheabhairmhatamaitic;
- smaointe a fhiosrú, tuartha a dhéanamh agus a thástáil agus smaoineamh go cruthaitheach;
- faisnéis a aimsiú agus a bhailiú;
- faisnéis a léamh, a léirmhíniú, a eagrú agus a chur i láthair i bhformáidí matamaitice;
- tuiscint agus teanga na matamaitice a úsáid le ceisteanna a chur agus a fhreagairt, le labhairt ar smaointe agus iad a phlé, agus modhanna oibre a mhíniú;
- ábaltacht airgeadais a fhorbairt;
- TFC a úsáid le fadhbanna a réiteach agus/nó a gcuid oibre a chur i láthair;

S3
Dul i mBun

(dul i mbun, aithris a dhéanamh ar iompraíocht mhúnlaithe, aird a dhíriú, súile a dhíriú ar rudaí, aithint)

I ngníomhaíochtaí struchtúrtha, i gcomhthéacsanna coitianta inrochtana agus i bhfoghlaim ghníomhaíochtbhunaithe/súgradhbhunaithe, is é a dhéanfaidh daltaí:

- dul i mbun ábhair mhatamaitice mar fhreagairt ar threoir/ar mhúnlú múinteora;
- gníomhaíochtaí matamaitice a aithint mar fhreagairt ar leideanna agus ar noda;
- dul i mbun gnáthaimh laethúla mar fhreagairt ar mhúnlú múinteora;
- dul i mbun dóigheanna le cuidiú a iarraidh agus aithris a dhéanamh orthu;
- cuimhneamh ar straitéisí simplí loighciúla mar fhreagairt ar mhúnlú múinteora;
- aithris a dhéanamh ar phatrúin shimplí a bhfuil siad cleachta leo mar fhreagairt ar mhúnlú múinteora;
- freagairt do réada atá á mbailiú agus dul ina mbun;
- dul i mbun sraith shimplí de réada/pictiúir/siombailí ina bhfuil a bheagán nó a mhórán de rogha agus aithris a dhéanamh ar an tsraith chéanna;
- cuid de theanga bhunúsach na matamaitice a aithint agus dul ina bun;

S4
Páirtíocht Ghníomhach

(idirghníomhú, roinnt, páirtíocht, comhoibriú, déanamh amach roimh ré, cuimhneamh)

I ngníomhaíochtaí struchtúrtha, i gcomhthéacsanna coitianta inrochtana agus i bhfoghlaim ghníomhaíochtbhunaithe/súgradhbhunaithe, is é a dhéanfaidh daltaí:

- a aithint go gcaithfear cinneadh a dhéanamh nuair atáthar ag roghnú ábhar agus trealaimh do ghníomhaíocht shimplí;
- páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí matamaitice;
- páirt a ghlacadh i ngnáthaimh laethúla;
- buntuiscint a léiriú go bhfuil straitéis de dhíth le fadhbanna a fhuascailt, amhail cuidiú a iarraidh;
- páirt a ghlacadh i straitéisí simplí loighciúla a bhfuil tacaíocht acu;
- páirt a ghlacadh nuair a bhítear ag cóipeáil patrúin shimplí;
- páirt ghníomhach a ghlacadh i mbailiú réad/eolais;
- imeachtaí/cásanna eispéiris a bhfuil siad cleachta leo a léiriú le siombailí/réada/pictiúir chuí;
- cuimhneamh ar ghníomhaíochtaí ina bhfuil bunteanga na matamaitice agus páirt a ghlacadh iontu;

Ag baint úsáid as Eolas agus Tuiscint s'acu ar:

Uimhreas

Mar shampla:

- déanfaidh siad idirghníomhú le réimse ábhar agus le tacaíocht déanfaidh siad meaitseáil idir dhá thacar nach bhfuil mar an gcéanna agus dhá cheann atá mar an gcéanna;
- rachaidh siad i mbun roinnt gníomhaíochtaí le linn rímeanna agus amhráin a bhaineann le huimhreas agus déanfaidh siad aithris ar na gníomhaíochtaí sin;
- rachaidh siad i mbun cuntas de ghlanmheabhair in aonta go dtí 10 agus déanfaidh siad aithris air;
- déanfaidh siad aithris ar chuntas tadhaill suas go dtí 10;
- déanfaidh siad aithris ar mheaitseáil uimhreacha suas go dtí 10;
- déanfaidh siad aithris ar dhóigheanna éagsúla le tacair a dhéanamh, ag baint úsáid as ábhair éagsúla, d'uimhir áirithe taobh istigh de 10;
- freagróidh siad do théarmaí a bhaineann le horduimhreacha – an chéad, an dara, an tríú agus déanfaidh siad aithris orthu;
- déanfaidh siad aithris ar thacair a chur in ord suas go dtí 10;
- glacfaidh páirt i gcluichí matamaitice ina ndéantar athchóiriú ar réada nó ina gcuirtear i bhfolach iad;
- déanfaidh siad aithris ar réimse do phatrúin shimplí dha fhachtóir;

Mar shampla:

- glacfaidh siad páirt i meaitseáil réimse ábhar, uimhreacha agus léireoidh siad tuiscint ar chomhfhreagras 1:1;
- cuirfidh siad in iúl uimhir amháin ar a laghad as rím/amhrán/scéal;
- aithneoidh siad uimhreacha suas go dtí 10 agus déanfaidh siad cuntas go dtí 10;
- déanfaidh siad cuntas tadhaill go leanúnach go dtí 10;
- déanfaidh siad cuntas de ghlanmheabhair anuas ó 10;
- déanfaidh siad uimhreacha a mheaitseáil suas go dtí 10;
- glacfaidh siad páirt i ndóigheanna éagsúla le tacair a dhéanamh, ag úsáid réimse d'ábhair éagsúla, d'uimhir áirithe, taobh istigh de 10;
- glacfaidh siad páirt ghníomhach i ngníomhaíochtaí a bhaineann le ceann eile a chur isteach le lipéad tacair a athrú;
- aithneoidh siad tacair suas go dtí 10;
- glacfaidh siad páirt i ngníomhaíochtaí ag úsáid téarmaíocht a bhaineann le horduimhreacha;
- glacfaidh siad páirt i gcur in ord tacar suas go dtí 10;
- glacfaidh siad páirt i nascadh dhá thacar ag úsáid réada nithiúla;
- glacfaidh siad páirt i ndóigheanna éagsúla le tacair a ghearradh ina bhfo-thacair;
- cuimhneoidh siad ar réada atá ar iarraidh nuair a dhéantar réada a athchóiriú nó a chur i bhfolach;
- leanfaidh siad patrúin shimplí dhá fhachtóir;

Airgead

- déanfaidh siad aithris ar mhalartú bonn i gcomhthéacs an tsúgartha an rólimeartha agus i mbréag-ghníomhaíochtaí siopadóireachta bréige nó fíorchinn;
- déanfaidh siad aithris ar roghnú múnlaithe réad ar mhaith leo a gcuid airgid a chaitheamh orthu;
- déanfaidh siad aithris ar mhalartú bonn i réimse de ghnáthghníomhaireachtaí;
- déanfaidh siad aithris ar mheaitseáil boinn aonair;
- déanfaidh siad aithris ar shórtáil agus rangú fíorbhoinn ó chinn bhréige.

- malartóidh siad boinn i gcomhthéacs an tsúgartha/na rólimeartha;
- roghnóidh siad réada ba mhaith leo a cheannach ó rogha theoranta de dhá nó trí réad;
- malartóidh siad boinn in idirbhearta simplí agus iad amuigh ag siopadóireacht;
- glacfaidh siad páirt i meaitseáil agus sórtáil boinn aonair;
- beidh páirt ghníomhach acu i sórtáil agus rangú boinn idir fhíorchinn agus chinn bhréige.

Scileanna Réamhriachtanacha in ÚSÁID NA MATAMAITICE trasna an Churaclaim

Léirítear dul chun cinn fosta nuair a thagann laghdú ar an méid tacaíochta ó dhaoine fásta: le treoir, le laghdú ar an treoir, gan treoir.

Riachtanais le hAghaidh Úsáid na Matamaitice

Trasna an churaclaim, ag leibhéal atá fóirsteanach dá n-ábaltacht, ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

- na hábhair chuí, an trealamh cuí agus an mhatamaitic chuí a roghnú le húsáid i gcás ar leith;
- eolas agus coincheapa na matamaitice a úsáid go beacht;
- obair go córasach agus a gcuid oibre a sheiceáil;
- matamaitic a úsáid le fadhbanna a réiteacht agus le cinntí a dhéanamh;
- modhanna agus straitéisí a fhorbairt, ar a n-áirítear an mheabhairmhatamaitic;
- smaointe a fhiosrú, tuartha a dhéanamh agus a thástáil agus smaoineamh go cruthaitheach;
- faisnéis a aimsiú agus a bhailiú;
- faisnéis a léamh, a léirmhíniú, a eagrú agus a chur i láthair i bhformáidí matamaitice;
- tuiscint agus teanga na matamaitice a úsáid le ceisteanna a chur agus a fhreagairt, le labhairt ar smaointe agus iad a phlé, agus modhanna oibre a mhíniú;
- ábaltacht airgeadais a fhorbairt;
- TFC a úsáid le fadhbanna a réiteach agus/nó a gcuid oibre a chur i láthair;

S5 Daingniú
(tosú ar thuiscint a fhorbairt)

I ngníomhaíochtaí struchtúrtha, i gcásanna agus i gcomhthéacsanna coitianta, is é a dhéanfaidh daltaí:

- cinntí a dhéanamh nuair atá ábhair agus trealamh á roghnú do ghníomhaíocht shimplí;
- beagán tuisceana a léiriú ar nodaireacht na matamaitice, amhail uimhreacha/focail/tacair;
- gnáthaimh laethúla a thuar agus iad a chur i gcrích;
- triail a bhaint as réimse de straitéisí fadhbfhuascailte, amhail cuidiú a lorg;
- éirí cleachta le réimse atá ag fás de bhunstraitéisí loighciúla;
- patrúin shimplí a aithint agus a leanúint;
- buneolas a chur in iúl agus cuidiú lena eagrú;
- réimse d'eachtraí/cásanna/eispéiris a bhfuil/nach bhfuil siad cleachta leo a léiriú le siombailí/réada/pictiúir chuí;
- tosú ar theanga chuí mhatamaitice a thuiscint

Leibhéal 1

I ngníomhaíochtaí struchtúrtha i gcomhthéacsanna coitianta inrochtana, tig le daltaí:

- labhairt ar na hábhair agus ar an trealamh atá ar fáil le gníomhaíocht a dhéanamh agus iad a úsáid;
- roinnt nodaireacht mhatamaitice a úsáid;
- eagar a léiriú ina gcuid oibre praiticiúla;
- labhairt ar dhóigheanna le gnáthfhadhbanna an lae a réiteach;
- straitéisí cuntais a úsáid agus gníomhaíochtaí ar siúl;
- patrúin a lorg agus labhairt orthu;
- an fhaisnéis atá de dhíth a bhailiú agus labhairt uirthi;
- a gcuid oibre a léiriú trí phictiúir agus réada a úsáid;
- teanga chuí mhatamaitice a úsáid le ceisteanna a fhreagairt faoina gcuid oibre;

Ag baint úsáid as **Eolas agus Tuiscint** s'acu ar:

Uimhreas

Mar shampla:

- meaitseálfaidh siad agus léireoidh siad go dtuigeann siad comhfhreagras 1:1 agus na téarmaí 'níos mó ná', 'níos lú ná', 'nil go leor...' agus 'mar an gcéanna';
- glacfaidh siad páirt i rímeanna/amhráin/scéalta uimhreacha ina bhfuil na huimhreacha suas go dtí 10;
- déanfaidh siad cuntas chun tosaigh in aonta ó thúsphointí éagsúla le huimhreacha suas go dtí 5;
- déanfaidh siad cuntas tadhaill go leanúnach suas go dtí 10 agus beidh a fhios acu gurb í an uimhir dheireanach a chuireann in iúl méid tacair;
- déanfaidh siad cuntas droim ar ais, taobh istigh de 5, in aonta ó thúsphointí éagsula;
- meaitseálfaidh siad uimhreacha ag úsáid clónna suas go dtí 10;
- orduimhreacha taobh istigh de 5;
- déanfaidh siad imscrúdú ar dhóigheanna éagsúla le tacair a dhéanamh, ag baint úsáid as réimse d'ábhair éagsúla, d'uimhir áirithe, taobh istigh de 10;
- fiosróidh siad agus léireoidh siad go dtuigeann siad go n-athraíonn 1 eile lipéad an tacair;
- aithneoidh siad tacair suas go dtí 10 agus lipéadóidh siad leis an uimhir cheart;
- déanfaidh siad meastachán ar thacair suas go dtí 5;
- úsáidfidh siad téarmeolaíocht na n-orduimhreacha;
- cuirfidh siad in ord tacair suas go dtí 10;
- nascfaidh siad dhá thacar agus inseoidh siad cad é an t-iomlán atá ann;
- fiosróidh siad dóigheanna éagsúla le tacair a dheighilt ina bhfo-thacair agus cuirfidh siad an toradh in iúl;
- tuigfidh siad gurb ionann líon na réad nuair a dhéantar athchóiriú ar réada agus/nó a cheiltear iad;
- tuigfidh siad nuair a bhítear i mbun cuntais gur le 0/náid a chuirtear 'ceann ar bith' in iúl;
- cruthóidh siad patrúin athfhillteacha ag baint úsáid as réada, uimhreacha nó pictiúir;

Mar shampla:

- uimhreacha a fhad le 10 ar a laghad a úsáid, meastachán a dhéanamh orthu agus iad a shuimiú agus a dhealú;
  m.sh. a rá cé acu atá níos mó ná nó níos lú ná 5 réad i dtacar, dar leo; uimhreacha a shuimiú agus a dhealú go praiticiúil agus teanga chuí a úsáid leis na torthaí a thaifeadadh;
- neamhathraitheacht uimhris a thuiscint;
  m.sh. fios a bheith acu go bhfuil an líon céanna réad i dtacar, gan iad a athchuntas, fiú más rud é gur athchóiríodh na réada; a aithint go léiríonn nialas an tacar neamhnitheach;
- réada, uimhreacha nó pictiúir a úsáid le patrúin athfhillteacha a chruthú agus le cur síos orthu;
  m.sh. coirnín dearg, coirnín gorm, coirnín buí, coirnín dearg, coirnín gorm...; 1, 2, 3, 1, 2, ...; cearnóg dhearg, triantán gorm, cearnóg dhearg...;

Airgead

- malartóidh siad boinn ar earraí i gcomhthéacs gníomhaíochtaí airgid fíorshaoil, amhail siopa sólaistí, ceaintín, agus tuigfidh siad an choincheap fanacht le briseadh;
- tuigfidh siad an choincheap gur féidir cártaí/dearbháin a úsáid in áit airgead tirim;
- díreoidh siad méar ar réada ba mhaith leo a cheannach as réimse níos leithne;
- aithneoidh siad an uimhir ar an bhonn;
- aithneoidh siad idir fíorbhoinn agus cinn bhréige.

- boinn a aithint agus a úsáid;
  m.sh. a bheith páirteach i rólghlacadh agus a léiriú go n-aithníonn siad boinn agus go dtuigeann siad go ndéantar airgead a mhalartú ar earraí.